

## Béarad breath na himriosna

[Brian Ó Cuív, 'The poetic contention about the river Shannon', *Ériu* 19, 89-110]

Tadhg an Ghadraigh Mac Aodhagáin cct.

1 Bérad breath na himriosna  
do fhás fán Sionainn sruithbhinn  
eidir Úa mBríain mbinnbhreathach  
agus Tadhg Óg Ó hUiginn;  
ar thagra na n-inbhior-s[o]in  
na Sionna, an cás ad-chluinim,  
ceithre laóidhe inmheasda  
do-rinni an dás ghlan ghui gh |rinn;  
ní tré easbhaidh inntliochta  
ní dhíobh um dhán dá gcuirinn.

2 Acht mar dhlighios deaghollamh  
sgéla gach rainn do fhriotal,  
an sgél claón do cheartughadh,  
cóir do chongmháil 'na hionadh,  
inneósad go healadhnach  
mo sgeóil um sheilbh na Sionna.

3 Ar chédchúis na córa-soin  
uirre ar tús ciodh nach ttiocfainn?  
Tosach laó[i]dhe lóghmhaire  
airdrí[o]gh Mumhan an mhiodhfhuinne:  
“a Shionann Bhríain Bhóroimhe,”  
do ráidh sé ris an Sionainn.

4 Ód-chuala na sgéla-soin  
Tadhg, éinleannán na héicsi,  
cían ó chomhainm éantoighe  
rádh Thaidhg ris Ó mBríain mBéirre:  
“ná goir an t-ainm cédna-s[o]in,  
ní hé a hainm fíre féine;  
acht Sionann Choinn Chédchathaigh  
í 's ní Sionann Bhríain Bhéirre.”

5 Ó ré Phádraig pheannfhadghlain  
nó go ttáinic Brian Biorra  
Éire ríamh gan fhreasabhra  
ag Cloinn Choinn nár chreach mionna;  
gen gur[ab] leó acht leathBhanbha  
do ba leó sealbh na Sionna.

6 Ar Shionainn úir fhochlagaigh  
maith agra Í Bhríain an Bhrogha:  
Brian dá buain do Lochlonnuibh,

sí ag teacht láimh le Cionn gCoradh,  
's nár *fhéad* tocht a Connachtuibh  
a n-aghaidh na gcnoc gcorrach.

7 Rí Mumhan go móraithe  
do ráidh a ráidhfe meisi:  
ní a-nois tráth na córa-soin,  
as tagra for sháil mbreithe;  
do chosain Brian Bórimhe  
an tSionann ribh-si reimhe.

8 A Leath Coinn an gcúalabhair  
breath roimhe do bhreith reamhaibh  
fán Sionainn gcaóin gcuánlongaigh  
is ua Briain Bhinne Balair,  
fán mbradán ro bhualasdair  
Maóil Sheachloinn mórfhlaith Fabhair,  
's fán gcloich mbúadha mbuantorthaigh  
fríth san íasg agá chasgairt?

9 Rug breath SheanGhoill shuadhamhail  
d'úa Briain an breac 's a[n] chlach-soin;  
d'éis na breithe búadha-sain  
Sionann ní libh-si a labhairt;  
a Chonnachta an chruadhchagaidh  
glaim na gcon oirdhearca aguibh  
's a[n] tSionann sháimh shnuadhamhail  
ag Cloinn Táil go na tarthaibh.

10 “Tirim fúair tú an cuidiochadh,  
a Í Bhriain,” ar Tadhg treórach.  
“An t-athair ór thuismiosdair  
Sionann íasgiomdha eóghlan,  
a breith is a buimiochas  
's a baisdeadh, ceart an t-eolas,  
tug sin sealbh is suidhiochadh  
na Sionna do Leath *Choinn* cheólchar;  
dlighidh brég a bruidiochadh,  
rug an Gall leithbhreith leó-san.”

11 “Éileóchad-sa an leithbhreath-soin  
an tSeanGhoill,” ol Maoil Sheachlainn,  
“dearbh dlighidh an deighfhear-soin,  
gen gurb é flaith an fhearoinn,  
goin an éigne eithreghloin  
den urchor meóir gan mearbhuill;  
léig dó a *cheart* breitheamhnúis  
'na dhiaigh fán Sionainn sreabhúill.”

12 Do Leith *Choinn* gan indeimhne

do bhean Goill Éire échtach;  
Leath Mogha ar a misgnighe  
tug a-noir Goill an Bhérta;  
a sgéla ní hincheilte  
ar an sruth n-íasgach n-énach;  
d'éis an sgéil-sin d'innisin  
mar as cóir an bhreath bérad.

13 Nír fhás clann san domhan-sa  
acht ó athair 's ó mháthair;  
le hathair ní cosantar  
a chlann bhós do bhreith Phádraic;  
d'éis athar san chomhforbas  
clann an athar-s[o]in fágthair.

14 As é athair nádúra  
na Sionna 's gacha srotha  
gach tobar gan trághúghadh  
as a ttigid ar tosach;  
d'fhás an tSionann thrághúr-sa  
ó thobar a gcrích Chonnacht.

15 Mar shloinntear an mhórchlann-sa  
ó Ádhamh is ó Eabha  
's mar tá an Leath Coinn chródha-sa  
ó Chonn Chéadchathach chreachach,  
Síol Néill, tuir gach mórchatha,  
sloinntear ó Níall mac Eachach;  
samhail sin 's na mórsrotha -  
Sionann seach gach sruth leabhair -  
san mBréifne atá an móρθobar  
ór fhás an tSionann shreabhghlan.

16 Ag so corp dá chothachadh  
do bhréig ar an nGall ngod-sa;  
dílios fiadh gach comhartha  
linn féin fiorbhun an tsrotha;  
an t-iasg mara bhfoghabhtar  
dílios don ghlaic ros gonfa;  
nach lais sealbh an tsrotha-sa  
an bhreath ní beag a holcas;  
rug clainbhreath ar Chonnachtuibh  
ór as léo sealbh an tsrotha  
go ndeach fána chomhforbuibh,  
mar do chlaón san cóir chonnacht.

17 Éimhear Fionn ó bhfuilid-sion  
Síol mBriain is maithe Mumhan,  
nocha dó do mhoidhiosdar  
ná dá shíol ní dhá ndubhart;

don tighearna thuirionta  
ór fhás Síol gCuinn na gcuradh  
do mhoidhsíod na huisgeadha  
lér mórach Sionann sruthghlan;  
Síol mBriáin bhías dá cuidíochadh,  
ag Cloinn Choínn bhías a bunadh.

18 A Dhé, an é Brían Bóromha  
a-dubhart nó Brían Breagha  
céidBhrían Sionna slóghonta?  
Do Shíol cCuinn Brian mac Eachach.  
Seanathair Cuinn chródhachta  
dár chomhainm Túathal Teachtmhar,  
é do bhean an bhóromha  
do Laighnibh na laóch neartmhar;  
linn do bhean an bhóromha;  
linn féin éruic ar seathar.  
Ón mBrían-soin 's ón bhóromha  
sloinntear Sionann úr Eachach.

19 Ag sin athair aici-si;  
ag so a cineadh, ní ceilti:  
Loch Cé agus Loch Aíllinne,  
Loch Teichíod, téad na treisi,  
Claonloch is Loch n-Aírinne,  
Loch Bó, Loch Tarbh, Loch Leisi,  
Loch Ríbh, rí na haicmi-si,  
's Loch Laóigh, cían go leithne,  
Loch nDairbhrioch, Loch Aírinne,  
Loch Saóilíonn ór shíol Eithne;  
géin mhairios an aicmi-si  
nír dhligh Ó Bríain a breith-si.

20 A-táid seathra a gConnachtuibh  
'g an tSionuinn as trén tuile:  
Eighníoch, Búill, 's na Bona-sa,  
Srotha Aíllinne uile,  
Suca is Forba fhochlagach  
tré Mhagh Rámhada ruidhe;  
fíor do chách 's do Chonnachtuibh  
TuadhMhumha uile uile;  
Eithne, Inneoin, Brosnadhach,  
Caimlín, Bun Cuilíonn chuíce;  
na haibhne 's na locha-sa  
líonas í dh'íasg is d'uisge;  
badh í an tSionann Chonnachtach  
go ttí an bráth tar gach mbuidhin.

21 Sionann sruth Shíol Muireadhaigh,  
gá ttád Dál gCais díar ndaóinibh?

An buinne saor sruithleabhar  
cuisle cridhe Chlann gCraóidhe;  
cuisle gach cuirp dhuiniota  
ón gcorp comshlointear choidhche.

22 A ladhair an lúdaigén  
ann ghabhas cuisle an chridhe;  
ní shloinntear ón úrghlainmhéir  
acht gé gabhar ann isi,  
bhail ó ttig a dúthchaisfhrémh  
asé a hainm - cuisle an chridhe.

23 Mar sin sódh ar Sionnai-ne,  
cuisle chridhe 'nar gcomhar,  
gé do-ní sí an siobhal-soin,  
sloinntear gach sruth óa thobar;  
Connachta an chláir chiomhasghlain  
mona agraad móirLeath Mogha  
a cuisle as cúis iongantais  
d'agra 's gan agra a colla.

24 Nocha n-abhann chomharsan  
Sionann an tsrotha thréinmhir;  
ná bíoth an Leath Modha-sa  
don tSionainn d'áis ná dh'éigion,  
ór ní conair dhrochthagra  
do Dhál gCais Leath Cuinn chéillidh  
ar fheabhas a hollamhan  
d'iomad eólais gá héicsibh.  
'S dá ndeach cion ar chothachadh  
nach urra Síol Airt Éinfhir?  
'S ar gach fáth dá ndubhart-sa  
fán Sionainn n-iasgaigh n-éignigh,  
biaidh an tSionann thobarghlan  
ag cloinn Choinn ó chloinn Éimhir.

25 Bearar go Mac Flannchadha  
mo dheaghlaoidh ar n-a dénamh,  
do-rinnios um dheaghdhalta  
as a leabhraibh do léghus;  
coisgeadh sé dhá anntagra  
Ó Briain uman mbreith bhérad.